CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais
I gCás C-698/23 P | MECS v an Pharlaimint agus an Chomhairle

Preasráiteas Uimh. 165/26

Lucsamburg, 17 Samhain 2026

Próiseáil sonraí pearsanta ag Europol: Deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an chaingean a thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) i gcoinne an leasaithe ar Rialachán Europol do-ghlactha

Ní athraítear leis na forálacha idirthréimhseacha a d'iarr MECS a chur ar neamhní a chúraimí ná a chumhachtaí agus, dá bhrí sin, ní dhéanann siad difear dá staid dhlíthiúil go díreach

Tar éis a chinneadh gur stóráil Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sonraí pearsanta gan iad a chatagóirí mar a fhoráiltear le dlí an Aontais, ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) cinneadh inar ordaíodh do Europol an catagóiriú sin a dhéanamh laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos nó na sonraí lena mbaineann a scriosadh. Roinnt míonna ina dhiaidh sin, ghlac reachtas an Aontais na forálacha idirthréimhseacha lena gceadaítear, faoi choinníollacha áirithe, leanúint de phróiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta atá i seilbh Europol.

Agus é den tuairim go ndearna na forálacha sin dochar dá neamhspleáchas mar údarás maoirseachta agus gur baineadh a éifeachtaí den chinneadh, d'iarr MECS ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh na forálacha sin a chur ar neamhní. Dhíbh an Chúirt Ghinearálta a chaingean, áfach, toisc í a bheith do-ghlactha.

I mbreithiúnas an lae inniu, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an chaingean do-ghlactha: Murab ionann agus institiúidí an Aontais, ní mór do MECS a léiriú go bhfuil seasamh aige chun caingean a thabhairt. Ní mór dó a léiriú, *inter alia*, go bhfuil na forálacha atá faoi chonspóid dá chúram go díreach agus go leithleach. Tugann an Chúirt dá haire nach bhfuil aon tionchar ag na forálacha sin ar chineál agus ar raon feidhme na gcúraimí a leagtar ar MECS, a mhéid nach n-athraítear a chearta, a oibleagáidí ná a inniúlachtaí leo. Níor athraíodh ach oiread ráthaíochtaí neamhspleáchais MECS agus níor cuireadh ar neamhní an cinneadh a ghlac sé i ndáil le Europol. Ní dhéanann na forálacha atá faoi chonspóid difear go díreach do staid dhlíthiúil MECS mar sin. Dá réir sin, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta nuair a chinn sí go raibh caingean MECS do-ghlactha.

An 3 Eanáir 2022, i ndiaidh imscrúdú, ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), a bhfuil sé de chúram air a áirithiú go gcomhlíonann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais na rialacha a bhaineann le cosaint sonraí, cinneadh i gcoinne Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol).

Bhain an cinneadh sin le stóráil sonraí pearsanta a fuair Europol mar chuid dá ghníomhaíochtaí. Cé gur údaraíodh leis an Rialachán lenar rialaíodh gníomhaíochtaí Europol [1] dó sonraí den sórt sin a bhailiú agus a anailísiú, bhí air rialacha áirithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le catagóiriú na n-ábhar sonraí agus na sonraí pearsanta a bhaineann leis na daoine sin.

Fuair MECS gur stóráil Europol na tacair sonraí pearsanta ar bhonn leanúnach gan cinneadh a bheith déanta aige ar tháinig na hábhair sonraí faoi na catagóirí dá bhforáiltear leis an Rialachán sin. De réir MECS, bhí an cleachtas sin contrártha do na rialacha a bhaineann le híoslaghdú sonraí agus don teorainn lena dtréimhse stórála. Dá bhrí sin, d'ordaigh sé do Europol an catagóiriú sin a dhéanamh laistigh de thréimhse 6 mhí le haghaidh na sonraí nua a fuarthas, agus 12 mí le haghaidh na sonraí a bhí aige cheana. I ndiaidh na dtréimhsí sin, bhí ar Europol na sonraí sin a scriosadh.

An 8 Meitheamh 2022, leasaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Rialachán is infheidhme maidir le Europol [2]. I measc rudaí eile, thug siad isteach forálacha idirthréimhseacha [3] lena gcuirtear ar chumas do Europol, faoi choinníollacha áirithe, leanúint de na sonraí a fuarthas cheana i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla a leanann go fóill a phróiseáil.

Agus é den tuairim go raibh sé d'éifeacht ag na forálacha idirthréimhseacha na cleachtais stórála sonraí a cháin sé a dhéanamh dleathach agus a chinneadh ó mhí Eanáir 2022 a chealú *de facto*, thug MECS cás os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais ag lorg neamhniú. Dar leis, chuir idirghabháil reachtas an Aontais isteach ar a neamhspleáchas mar údarás maoirseachta.

Le hordú an 6 Meán Fómhair 2023 [4], dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean sin toisc í a bheith do-ghlactha. Mheas sí nach raibh seasamh ag MECS chun cás cúirte a thabhairt i gcoinne na bhforálacha idirthréimhseacha atá faoi chonspóid.

Mar sin, rinne MECS achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais, ag iarraidh an t-ordú sin agus na forálacha atá i gceist a chur ar neamhní.

Ina bhreithiúnas, diúltaíonn **an Chúirt an t-achomharc sin toisc é a bheith gan bhunús**, agus deimhníonn sí do-ghlacthacht na caingne arna tabhairt ag MECS os comhair na Cúirte Ginearálta.

Meabhraíonn an Chúirt, cé gur údarás neamhspleách maoirseachta é MECS, **ní institiúid an Aontais Eorpaigh é de réir bhrí na gConarthaí** [5]. Contrártha, *inter alia*, don Pharlaimint, don Chomhairle nó don Choimisiún Eorpach, ní dheonaítear an ceart do MECS leis na Conarthaí caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt i gcoinne gníomh de chuid an Aontais, gan a léiriú go bhfuil seasamh aige chun cás a thabhairt.

Ní leanann caingean MECS ó phrionsabal na cothromaíochta idir na hinstitiúidí ach oiread [6], atá dírithe ar urramú an chórais leithdháilte cumhachtaí idir institiúidí an Aontais a áirithiú. Níl feidhm ag an bprionsabal sin maidir le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais nach iad na hinstitiúidí iad.

Is **duine dlítheanach** é MECS, áfach. Dá bhrí sin, is féidir leis a iarraidh go gcuirfear gníomh an Aontais ar neamhní sna coinníollacha dá bhforáiltear leis na Conarthaí le haghaidh caingne le haghaidh neamhniú arna dtabhairt ag daoine dlítheanacha [7]. Chuige sin, ní mór dó a léiriú, *inter alia*, go bhfuil na forálacha atá faoi chonspóid dá chúram go díreach agus go leithleach. Tugtar le tuiscint ón gcoinníoll a bhaineann le cúram díreach, *inter alia*, go bhfuil éifeachtaí díreacha ag an ngníomh sin ar a staid dhlíthiúil.

Tugann an Chúirt dá haire, áfach, gur leasaíodh na rialacha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta atá i seilbh Europol. Os a choinne sin, ní raibh aon tionchar ag na forálacha sin ar chineál agus ar raon feidhme na gcúraimí a leagtar ar MECS, a mhéid nach n-athraítear a chearta, a oibleagáidí ná a inniúlachtaí leo. Níor athraíodh ach oiread leis na forálacha sin ráthaíochtaí neamhspleáchais MECS agus níor cuireadh ar neamhní a chinneadh an 3 Eanáir 2022. Ina theannta sin, thug an Chúirt dá haire nach bhfuil gnéithe sa nós imeachta inar glacadh na forálacha idirthréimhseacha atá faoi chonspóid a dhéanfadh difear d'fheidhmiú neamhspleách a inniúlachtaí ag MECS.

Sna himthosca sin, deimhníonn an Chúirt measúnú na Cúirte Ginearálta nach ndéanann na forálacha idirthréimhseacha atá faoi chonspóid difear go díreach do staid dhlíthiúil MECS. **Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a rialaigh sí go raibh a chaingean do-ghlactha**.

NÓTA: Is féidir achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá an t-achomharc inghlactha agus má tá bunús leis, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar ceal. I gcás ina gceadaítear le staid na n-imeachtaí breith a thabhairt ar an gcás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. Murarb amhlaidh an cás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tagraíonn an tuairisc

ar na fíorais agus ar an dlí don tréimhse ábhartha agus tá an méid sin bunaithe ar chomhaid an cháis.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre den bhreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Beidh íomhanna den bhreithiúnas arna fhógairt ar fáil ar 'Curia Web TV' agus ar 'European Broadcasting Service' ✆ (+32) 22964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol).

[2] Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht.

[3] Airteagail 74a agus 74b de Rialachán 2016/794, arna leasú le Rialachán 2022/991.

[4] Cás *MECS* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, T-578/22 (Féach freisin Preaseisiúint Uimh. 134/23).

[5] Airteagal 13(1) CAE. Chuir an Chúirt béim air freisin, le linn Conradh Liospóin a ghlacadh, gur roghnaigh na Ballstáit, d'aon ghnó, gan chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, amhail MECS, a áireamh i measc na n-eintiteas a fhéadfaidh neamhniú ghníomh an Aontais a lorg gan a léiriú go bhfuil seasamh acu chun cás a thabhairt.

[6] Arna léiriú ag an gCúirt ina breithiúnas an 22 Bealtaine 1990, *an Pharlaimint* v *an Chomhairle*, C-70/88.

[7] I gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE.